



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Tuarascáil ar an Toscaireacht chuig Ard-Fheis
Chonradh na Gaeilge ar an 25 agus 26 Feabhra 2022
Aibreán 2022

Clár na nÁbhar

Réamhrá	2
1. Moltaí an Chomhchoiste	4
2. Plé na hArd-Fheise: Acht, Gaeltacht agus Oideachas.....	5
3. Na Rúin ar ghlac Conradh na Gaeilge leo mar chuid dá Ard-Fheis 2022	10
4. Uachtarán Nua-Thofa Chonradh na Gaeilge	16
5. Uachtarán de Chuid Chonradh na Gaeilge.....	17
6. Buíochas do Chonradh na Gaeilge.....	18
7. Comhaontú agus Leagan na Tuarascála.....	19
Aguisín 1: Comhaltaí an Choiste	20

Réamhrá

Ag a chruinniú ar an 16 Feabhra 2022 chomhaontaigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge go bhfreastalódh an Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Éamon Ó Cuív, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh agus an Seanadóir Seán Kyne, mar ionadaithe ón gComhchoiste ar Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge i nGaillimh ar an 25 – 26 Feabhra 2022.

Bhí an Ard-Fheis ar siúl i gCathair na Gaillimhe ar an 25 agus 26 Feabhra 2022.

Seo a leanas clár na hArd-Fheise: -

Dé hAoine, 25 Feabhra 2022

20:00 Seoladh na hArd-Fheise, Óstán Chuan na Gaillimhe

- Niall Comer, Uachtarán Chonradh na Gaeilge

20:15 Plé na hArd-Fheise: ‘Acht, Gaeltacht & Oideachas’

- Aengus Ó Snodaigh, TD, Cathaoirleach Chomhchoiste na Gaeilge Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, Sinn Féin
- Catherine Connolly TD, Leas-Cheann Chomhairle, Neamhspleách
- Éamonn Ó Cuív TD, Fianna Fáil;
- Seanadóir Seán Kyne, Fine Gael;
- Cathaoirleach: Máirín Ní Ghadhra, RTÉ Raidió na Gaeltachta.

20:00 Fáiltiú

Dé Sathairn, 26 Feabhra 2022

09:00 Tús le Gnó na hArd-Fheise, Óstán Chuan na Gaillimhe

Le Tuairisc ar Airgeadas agus Forbairt na hEagraíochta

09:30 Plé ar na Rúin go dtí a 12.00 (agus an rún bunreacht ag 10.0:00)

11:00 – 12.30 Toghchán don Choiste Gnó

12.00 Ceardlanna

- Seachtain na Gaeilge sa phobal go náisiúnta
- Ag athmhúscailt na gCraobhacha
- Ilchineálacht sa Chonradh
- Straitéis 3 bliana an Chonartha

14.00 Seoladh Seachtain na Gaeilge le Energia sa phobal

- Ionad Siopadóireachta, An Fhaiche Mhór

15:00 Imeachtaí in Áras na nGael, 45 Sráid Doiminic

15:00 Tionól na Mac Léinn

15:30 Seisiún Ceoil

16:00 Seoladh (le físeán) & Ábhair ó Chartlann an Chonartha, atá curtha i dtaisce in OÉ, Gaillimh

19:00 Fáiltiú roimh Dhinnéar na hArd-Fheise

19:30 Dinnéar na hArd-Fheise, Óstán Chuan na Gaillimhe

Gradam an Uachtaráin de Chuid Chonradh na Gaeilge le bronnadh ar
Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn

22:00 Ceol le Cogar

Dé Domhnaigh, 27 Feabhra 2022

10:00 Cruinniú den Chomhchoiste Gnó nua, Óstán Chuan na Gaillimhe

1. Moltaí an Chomhchoiste

Molann an Comhchoiste Conradh na Gaeilge as an Ard-Fheis spreagúil a reáchtáil siad agus as na moltaí ar glacadh leo, agus bunaithe orthu siúd, tá na 5 moladh seo a leanas comhaontaithe ag an gComhchoiste: -

1. Go gcuirfidh Tithe an Oireachtais na socruithe cuí i bhfeidhm ionas go nglanfar na riaráistí in aistriúchán na reachtaíochta atá achtaithe ag Tithe an Oireachtais.
2. Go gcinnteoidh an Rialtas go bhfoilseofar gach Bille go dátheangach, agus go gcuirfear na socruithe cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh sé seo indéanta roimh dheireadh an 33ú Dáil Éireann agus an 26ú Seanad Éireann.
3. Go gcuirfidh an Rialtas na socruithe cuí i bhfeidhm ionas go mbeidh Breithiúna Cúirte, Oifigigh Cúirte agus dlíodóirí dátheangacha ar fáil chun seirbhís dhátheangach a chinntiú don phobal, agus go gcuirfidh na socruithe sin i bhfeidhm ar bhonn práinneach.
4. Go dtugann an Rialtas aird ar leith ar na moltaí atá á mholadh ag Conradh na Gaeilge maidir leis: -
 - An Tithíocht sa Ghaeltacht;
 - An Córas Oideachais;
 - Na Coláistí Samhraidh Gaeilge.
5. Go gceapfaidh gach Comhlacht Poiblí Oifigeach Forbartha Dátheangachais ar leibhéal an Leas-Phríomhoifigigh ar a laghad, agus go dtabharfaidh sé cumhachtaí agus cúraimí sainsiúla don Oifigeach sin.



Ó chlé: An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh – Cathaoirleach Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, an Teachta Dála Éamon Ó Cuív, Máirín Ní Gadhra Uasal – Craoltóir agus Scríbhneoir, an Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile – Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann agus an Seanadóir Seán Kyne

2. Plé na hArd-Fheise: Acht, Gaeltacht agus Oideachas

Ag Plé na hArd-Fheise: Acht, Gaeltacht agus Oideachas ar an 25 Feabhra 2022, ghlac an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh, An Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Éamon Ó Cuív agus an Seanadóir Seán Kyne páirt sa phlé ar an ábhar ‘Acht, Gaeltacht agus Oideachas’ leis na toscairí ag an Ard-Fheis. Bhí an craoltóir de chuid Raidió Teilifís Éireann, TG4, agus Raidió na Gaeltachta i láthair agus Máirín Ní Ghadhra Uasal, ina Cathaoirleach ar an bplé.

Dúirt an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh, Cathaoirleach an Chomhchoiste: -

Go raibh Acht na dTeangacha Oifigiúla nua curtha i bhfeidhm ag an Rialtas in 2021 agus go raibh súil aige go mbeadh tairbhe praiticiúil ag baint leis. Go raibh súil aige go mbeadh poist ar fáil sa státseirbhís do dhaoine dátheangacha agus go mbeadh seirbhísí poiblí ar fáil don phobal chomh luath agus is féidir.

Go raibh dualgas ar phobal na Gaeltachta agus ar phobal na Gaeilge ar fud na tíre gearáin a dhéanamh nuair nach raibh seirbhísí pobail Gaeilge ar fáil dóibh; nuair a bhí na seirbhísí sin iarrtha acu agus nuair a theip an Rialtas iad a chur ar fáil dóibh. Nach raibh aon slí eile chun a chinntiú go gcloífeadh an tseirbhís phoiblí lena cúram i leith an phobail uile.

Go raibh pobal na Gaeltachta gan aon chosaint éifeachtach ó ionradh an Bhéarla air agus ar a cheantar dúchais. Nach raibh coinníollacha feidhmiúla i bhfeidhm i dtaobh cúrsaí tithíochta sa Ghaeltacht agus nach raibh na coinníollacha a bhain le cumas lonnaitheoirí nua i labhairt na Gaeilge, teanga na gceantar ina raibh siad ag iarraidh cur fúthu, éifeachtach ná oiriúnach don fheidhm a bhí leo. Go raibh an cheist sin á scrúdú ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ag an am sin, agus go raibh sé soiléir, i bhfianaise na gcruinnithe a bhí ann roimhe sin idir an Comhchoiste agus na húdaráis áitiúla, nár thuig na húdaráis áitiúla na fadhbanna a bhí le sárú.

Go raibh an tAire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, an Teachta Dála Darragh O'Brien, tar éis an t-ábhar seo a phlé leis an gComhchoiste ar an 26 Eanáir 2022, agus go raibh an Comhchoiste ag fanacht ar na coinníollacha nua i leith tithíochta sa Ghaeltacht a bhí geallta ag an Aire.

Gur chóir tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do theaghlaigh a raibh a gclanna á dtógáil acu mar chainteoirí dúchais Gaeilge.

Nach gcuirfí aon Acht Gaeilge i bhfeidhm i dtuaisceart na hÉireann go dtí i ndiaidh na toghcháin a bhí le teacht, ach gur chóir go mbeadh gach duine ar fud na hÉireann ag impí ar Rialtas na hÉireann agus ag impí ar Rialtas na Breataine a chinntiú go gcuirfí an tAcht Gaeilge i bhfeidhm, gan mhoill, ina dhiaidh sin.

Nárbh fiú dlí a bheith ann i gcomhair Breitheamh Cúirte a bheith dátheangach, mura gcuirfí an dlí sin i bhfeidhm. Nach raibh ach 3% de dhlíodóirí na Cúirteanna in ann feidhmiú go dátheangach. Nach raibh an cumas ag Breithimh Chúirte, nach raibh

Gaeilge líofa ar a dtoil acu, Bunreacht na hÉireann a thuiscint agus a ciall a bhaint as i gceart, mar gurbh í an Ghaeilge, seachas an Béarla, an teanga cheannasach, agus ciall á baint as míniú dlíthiúil fhoclaíocht an Bhunreacht. Gur chóir áiseanna Gaeilge a chur ar fáil do dhlíodóirí.

Gur chóir Scéim Labhairt na Gaeilge a chur i bhfeidhm arís, mar chosaint ar cheantair Ghaeltachta, agus gur chóir háiseanna breise a chur ar fáil faoin Scéim sin.

Gur bhain sé úsáid as an nGaeilge mar theanga oibre chomh fada agus arbh fhéidir leis agus é ag feidhmiú mar Theachta Dála. Go raibh fadhbanna riaracháin ann, a chuir bac lena iarrachtaí, cuir i gcás, ní raibh cead aige leasuithe ar Bhille a leagadh faoi bhráid Choiste na faoi bhráid na Dála, as Gaeilge, dá raibh an Bille féin á chur tríothú i mBéarla. Go raibh gá ann na fadhbanna sin a réiteach.

Nach raibh ciall ar bith ag baint leis an gcóras T1 agus T2 i gcomhair Ghaeilge na hArdteistiméireachta, agus nach raibh ann, mar a bhí sé beartaithe ag an am sin, ach pionós ar an nGaelscolaíocht.

Dúirt an Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile, Leas-Cheann Comhairle Dháil Éireann: -

Go raibh fáilte á fearadh aici roimh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021, ach go mbeadh ar an Rialtas a chinntiú go gcuirfear a chuid forálacha i bhfeidhm go huile is go hiomlán.

Go raibh coiste nua á bhunú i dTithe an Oireachtais chun féachaint ar na seirbhísí a raibh gá leo chun obair na dTithe trí mheán dátheangach a éascú, agus thabharfadh an Coiste sin deis do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí a chur in iúl don Cheann Comhairle na seirbhísí agus na háiseanna éagsúla a bhí de dhíth chun an sprioc sin a chur i gcrích.

Go raibh gá go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí i ngach gné de shaol na hÉireann, agus go mórmhór, sa ghearrthéarma, sna seirbhísí a sholáthraíonn Raidió Teilifís Éireann don phobal.

Go raibh inmharthanacht na Gaeltachta ceangailte le córas tithíochta fóirsteanach a bheith i bhfeidhm sa Ghaeltacht, ach go raibh easpa tuisceana ag na húdaráis áitiúla ar na fadhbanna a bhí ann.

Go raibh sárobair á déanamh ag eagraíochtaí cosúil le Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcur chun na Gaeilge chuig an gcéad ghlúin eile agus go raibh moltaí tairbheacha acu maidir leis an gcóras feighlí linbh agus araile.

Gur chóir go mbeadh na Breitheamh Cúirte in Éirinn ag feidhmiú go dátheangach.

Nach raibh Gaeilge ar a dtoil ag an gcuid is mó de Theachtaí Dála, agus nuair nach raibh ach 3 nóiméad chun ceist a chur ar Aire, bhí sé deacair an Ghaeilge a úsáid agus freagra ceart a fháil.

Dúirt an Teachta Dála Éamon Ó Cuív: -

Nach raibh leigheas ann féin é Acht na Gaeilge ar stádas agus beocht na Gaeilge, agus nárbh bhfiú é mura gcuirfí na forálacha san Acht i bhfeidhm. Go raibh meitheal bunaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Teachta Dála Catherine Martin, chun na forálacha a bhain le seirbhísí poiblí dátheangacha a chur ar fáil don phobal agus an 20% i gcomhair earcaithe dátheangacha a bheith ann chun sin a chinntiú, agus go mbeadh obair thábhachtach le déanamh ag an meitheal sin.

Go raibh gá le polasaí oideachais lán-Ghaeilge a fhorbairt, oideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil, agus forbairt a dhéanamh ar líon agus líonra na naíonraí.

Go raibh gá ann go mbeadh i bhfad níos mó cláracha Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil ar an teilifís agus ar an raidió.

Go raibh an ceart daonna ag daoine óga fanacht agus maireachtáil ina gceantar dúchais féin agus go raibh an ceart sin ag daoine óga sa Ghaeltacht. Go raibh an ceart sin mar chosaint don Ghaeilge, mar is ó na tuismitheoirí agus ó na seantuismitheoirí a fhoghlaimíonn an chéad ghlúin eile an teanga agus dá mbeadh bacanna curtha ar na daoine óga fanacht ina gceantair féin, ní bheadh an buntáiste sin ar fáil dóibh, ná dá gclanna féin.

Go raibh an-tábhacht ag baint le cúrsaí tithíochta, agus cúrsa gaolmhara, seirbhísí uisce, séarachais agus araile, agus go raibh gá ann go mbeadh coinníollacha i bhfeidhm a bhí oiriúnach don fheidhm a bhí leo.

Go raibh an-tábhacht ag baint le caighdeán Ghaeilge na lonnaitheoirí nua sa Ghaeltacht agus go mbeadh an caighdeán seo nasctha do leibhéal B2 de Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG).

Go raibh coiste bunaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta agus Méan, an Teachta Dála Catherine Martin, agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Teachta Dála Darragh O'Brien, chun cúrsaí tithíochta sa Ghaeltacht a phlé, agus go raibh sé gan chiall nach raibh ionadaí ar bith, mar ionadaí ón nGaeltacht féin, ar an gCoiste sin.

Go raibh gá go n-úsáidfí an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh, go bhfeicfeadh na buntáistí a bhain leis an gcur chuige seo. Gur chóir go dtabharfaí cúnamh do chainteoirí dúchais a bhí ina gcónaí taobh amuigh den Ghaeltacht, an Ghaeilge a choimeád beo ina gclanna féin.

Gur chóir gréasán Gaeilge a bhunú agus a thacú taobh amuigh den Ghaeltacht.

Nach raibh tuiscint cheart ag Rialtas na Breataine ar chúrsaí Gaeilge agus gur chóir go mbainfeadh úsáid as Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte chun an Ghaeilge a chur chinn i dTuaisceart Éireann.

Nach raibh sé ceart ná cóir go raibh Breithimh Chúirte ag feidhmiú sa Ghaeltacht, agus nach raibh Gaeilge líofa acu. Ach, go raibh a lán réamhoibre le déanamh, sula mbainfí an sprioc sin amach.

Go raibh gá go mbeadh na hAchtanna agus na Billí go léir ar fáil go dátheangach. Go raibh riaráistí móra ann ar aistriúchán na nAchtanna go Gaeilge agus go mbeadh ar Thithe an Oireachtais na hAchtanna go léir a aistriú sula ndearna siad iarracht ar na Billí a aistriú.

Go raibh fadhb ann nuair a rinne Teachta Dála ceist a chur as Gaeilge sa Dáil mar bhí roinnt Airí ann nach raibh Gaeilge ar a dtoil acu, agus ag an am céanna nach raibh sásta na cluasán a chaitheamh, ionas gur féidir leo an cheist a thuiscint agus a fhreagairt.

Dúirt an Seanadóir Seán Kyne: -

Gur chuir sé roinnt pacáistí ar fáil do na Coláistí Samhraidh Gaeilge agus do na mná tí, mar chúnamh dóibh, nuair a bhí sé freagrach, mar Aire, ar chúrsaí Gaeltachta.

Go raibh fáilte á fearadh aige roimh an bplean go mbeadh seirbhísigh phoiblí dhátheangacha ag obair in oifigí poiblí a bheadh lonnaithe sa Ghaeltacht, agus go mbeadh súil aige go mbeadh seirbhís phoiblí iomlán ar fáil do mhuintir na Gaeltachta mar gheall ar an cinneadh sin. Go raibh gá go mbeadh caighdeán dátheangach ard ar na hoifigigh sin.

Go raibh práinn ann i dtaobh cúrsaí tithíochta sa Ghaeltacht agus go raibh fíorghá ann córas oiriúnach pleanála a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, chomh luath agus is féidir. Go raibh cúrsaí tithíochta i gConamara níos casta ná mar a bhí i gceantair thuaithe eile, mar gheall ar an talamh clochach a bhí ann, na cásanna cúirte a bhí á dtabhairt in aghaidh tithíocht áirithe, srl. Go raibh cúrsaí pleanála ag éirí níos casta lá i ndiaidh lae, ach go mbeadh treorlínte nua curtha ar fáil ag an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Teachta Dála Darragh O'Brien, go luath.

Go raibh tacaíocht á tabhairt ag an Rialtas do theaghlaigh lasmuigh den Ghaeltacht a raibh a gclanna á dtógáil acu mar chainteoirí dúchais Gaeilge. Go raibh an tacaíocht sin á cur ar fáil trí eagraíochtaí agus scéimeanna éagsúla, cuir i gcás Fhoras na Gaeilge agus PEIG. Go raibh feidhm lárnach ag na tuismitheoirí féin, ag na meáin chumarsáide agus ag na meáin shóisialta i seachadadh na Gaeilge chuig an gcéad ghlúin eile.

Go raibh díomá air go raibh moill ar Acht na Gaeilge a reachtú i dTuaisceart na hÉireann, ach go raibh sé deacair ar an Rialtas é sin a spreagadh agus an córas polaitíochta a bheith chomh corraitheach is a bhí sé le roinnt blianta anuas.

Gur chóir go mbeadh na Breitheamh Cúirte in Éirinn ag feidhmiú go dátheangach, ach mar thús i dtreo na sprice sin, ba chóir a chinntiú níos mó dlíodóirí dátheangacha a fháil agus a éascú sa chóras dlí.

Gur cheist mhuiníne a bhí i gceist agus Comhaltaí de Thithe an Oireachtais ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid sna Tithe. Go raibh reachtaíocht casta in aon teanga, ach gur chóir go mbeadh aon Chomhalta in ann leasú a leagan i nGaeilge.

3. Na Rúin ar ghlac Conradh na Gaeilge leo mar chuid dá Ard-Fheis 2022

1. Éilíonn an Ard-Fheis gur sa dá theanga oifigiúla a fhoilseofar gach Bille a thionscnaíonn an Rialtas i nDáil Éireann agus/nó i Seanad Éireann.
2. Molann an Ard-Fheis gach duine a ghlac páirt san fheachtas le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2019 (leasú) a láidriú. Thosaigh an feachtas amach ag cosaint neamhspleáchas Oifig an Choimisinéara Teanga agus ag cur i gcoinne lagú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Rinne an Conradh seo i bpáirt le Guth na Gaeltachta i 2011 agus, thar an chéad 10 mbliana eile, is iomaí grúpa, duine sa phobal agus polaiteoir a thacaigh lenár n-éileamh. Tá dul chun cinn déanta. Ní hamháin gur éirigh linn Oifig an Choimisinéara Teanga a choinneáil neamhspleách ach seo cuid de na rudaí eile a bhaineamar amach a láidríonn an tAcht agus a d'éirigh as moltaí a rinne an Conradh thar na blianta:
 1. 20% ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí le bheith inniúil i nGaeilge faoi 31 Nollaig 2030 ar a dhéanaí;
 2. 20% fógraíocht de chomhlachtaí poiblí le bheith as Gaeilge agus 5% de bhuiséad fógraíochta na gcomhlachtaí le caitheamh ar na meáin Ghaeilge;
 3. Na seirbhísí ó na comhlachtaí poiblí ar fad le bheith curtha ar fáil don Ghaeltacht as Gaeilge;
 4. Aitheantas oifigiúil agus córas le bunú chun go mbeidh an pobal in ann a n-ainmneacha agus a seoltaí, le síntí fada más mian leo, a úsáid le comhlachtaí poiblí (agus nach mbeidh orthu teideal a úsáid mura mian leo).
 5. Comhlachtaí san earnáil phríobháideach ag soláthar seirbhísí don phobal, ar son chomhlachtaí poiblí, le cloí le forálacha áirithe den Acht;
 6. Cothromaíocht agus cinnteacht don Ghaeilge le bheith in ábhar margaíochta comhlachtaí poiblí;
 7. Lógónna reatha as Béarla amháin ag comhlachtaí poiblí le hathrú go lógónna dátheangacha, nó go Gaeilge amháin, nuair a bheidh na lógónna le hathnuachan nó le hathrú;
 8. Ainmneacha oifigiúla ar chomhlachtaí poiblí nua le bheith as Gaeilge amháin, agus cinnteoidh seo go mbeidh lógó gach comhlacht poiblí nua as Gaeilge amháin nó go dátheangach;
 9. Foirmeacha oifigiúla áirithe ag comhlachtaí poiblí le bheith dátheangach nó as Gaeilge amháin;
 10. Ionadaíocht ar an gCoiste Comhairleach le bheith ag duine mar ionadaí ó limistéir phleanála teanga Ghaeltachta agus ag duine eile mar ionadaí ó lasmuigh den Ghaeltacht.

Aithníonn an Ard-Fheis go bhfuil dúshlán os ár gcomhair agus go mbeidh brú leanúnach ag teastáil lena chinntiú go gcuirfear an tAcht i bhfeidhm ina iomlán agus go sásúil. Aontaíonn an Ard-Fheis go leanfaidh Conradh na Gaeilge ag brú chun seo a bhaint amach agus spreagfar rannpháirtíocht leanúnach ón bpobal.

3. Éilíonn an Ard-Fheis go ndéanfar an líon breithiúna atá inniúil i nGaeilge a mhéadú ionas go mbeidh, ar a laghad, 20% de na breithiúna ag gach leibhéal den chóras cúirteanna inniúil amhlaidh mar aon le 20% de na cláraitheoirí cúirte.
4. Molann an Ard-Fheis seo an rialtas as an reachtaíocht láidir nua, an leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ach is cúis imní an easpa pionóis agus an méid forálacha a bhraitheann ar rogha an Aire féin agus mar sin cuirfidh Conradh na Gaeilge brú ar an rialtas go gcomhlíonfar na forálacha in am agus nach ngéillfear dul chun cinn de bharr rogha an Aire.
5. Aithníonn an Ard-Fheis an obair faoi leith atá déanta le breis is 10 mbliana anuas le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a láidriú agus gur baineadh sin amach le hachtú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2019 (leasú) ag deireadh 2019, go háirithe leis an soláthar, ag éirí as moladh an Chonartha, go mbeidh 20% de na daoine a earcófar san earnáil phoiblí faoi dheireadh 2030 inniúil ar an nGaeilge. Aontaíonn an Ard-Fheis nárbh fiú an reachtaíocht mura gcuirtear i bhfeidhm i gceart í agus éilíonn an Ard-Fheis ar an Rialtas seo a dhéanamh gan aon mhoill.
6. Go n-aithníonn Ard-Fheis 2022 an obair stocaireachta ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus go leanfar leis an obair seo le linn don Acht a bheith curtha i bhfeidhm.
7. Go n-iarrann an Ard-Fheis seo ar an Roinn Tithíochta gníomhú chun spriocanna an Pholasaí Náisiúnta don Tithíocht Ghaeltachta atá comhordaithe ag Conradh na Gaeilge a fheidhmiú gan mhoill.
8. Aontaíonn Conradh na Gaeilge gur chóir d'Údarás na Gaeltachta cinntí a dhéanamh maidir le coinníollacha teanga ar thithíocht i gceantair Ghaeltachta.
9. Aithníonn an Ard-Fheis seo nach bhfuil an rialtas seo chun fadhb na tithíochta Gaeltachta a réiteach. Tá am an ghnímh tagtha, agus mar sin éilíonn muid go ndéanfadh Conradh na Gaeilge iarracht chomhpháirteach le comharchumainn agus eagrais Ghaeltachta le tithíocht a thógáil ann do mhuintir na Gaeltachta is go ndíolfar iad ar phraghas inacmhainne.
10. Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo an dea-obair atá ar siúl ag an Meitheal Gaeltachta le Plean Náisiúnta Tithíochta a bhaint amach don Ghaeltacht agus aontaíonn an Ard-Fheis gur chóir don eagraíocht dlús a chur leis an bhfeachtas lena chinntiú go mbeidh pobal na Gaeltachta in ann cónaí ina gceantar féin agus nach mbeidh scrios déanta den Ghaeltacht le rófhorbairt.

11. Aithníonn an Ard-Fheis seo na dúshláin mhóra atá os comhair na gColáistí Samhraidh sa Ghaeltacht, go háirithe na coláistí beaga áitiúla, de dheasca Covid-19. Éilíonn an Ard-Fheis seo ar na Ranna Rialtais agus ar Údarás na Gaeltachta an tacaíocht chuí a chur ar fáil do na coláistí sin atá i mbaol dúnta agus obair i gcomhair leis na coláistí chun todhchaí inmharthana a bhaint amach.
12. Aontaíonn an Ard-Fheis gur chóir go n-áireofaí i gcóras scoile na hÉireann turas saor in aisce chuig an nGaeltacht do gach mac léinn dara leibhéal chun tumoideachas iomlán teanga a chinntiú.
13. Go gcuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh an stádas iomlán oibre atá ag an nGaeilge san Aontas Eorpach ó thús na bliana seo. Go ndéanfar comhghairdeas le gach duine a d'oibrigh chun an stádas seo a bhaint amach ó seoladh an feachtas seo ag Seimineár an Chonartha ag Oireachtas na bliana 2004.
14. Go leanfaidh Conradh na Gaeilge leis an obair lefeasacht ar ghairmeacha san Aontas Eorpach a ardú agus go ndéanfar stocaireacht (Ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán; Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn; Feisirí Eorpacha na hÉireann agus eile) chun cuid de na róil a lonnú sna ceantair Ghaeltachta.
15. Gabhann an Ard-Fheis comhghairdeas le Peadar Mac Fhlannchadha, leas-Ardúnaí Chonradh na Gaeilge, as a bhuanna san Ard-Chúirt agus i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg maidir le lipéadú dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla, a bheith ar tháirgí leighis d'ainmhithe.
16. Molann an Ard-Fheis leanúint leis an tacaíocht don fheachtas, Dream Dearg, agus cinntiú go gcuirfear na gealltanais sa Ré Nua, Cur Chuige Nua i bhfeidhm trí Westminster agus go gcuirfear rudaí a fágadh ar lár san áireamh, ar nós comharthaíochta agus le súil go neartófar an reachtaíocht amach anseo.
17. Molann an Ard-Fheis an feachtas maidir le comharthaíocht dhátheangach i mBéal Feirste agus go mbeidh an polasaí úr i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Molann muid go n-oibríonn Conradh na Gaeilge i dtreo infheictheacht na teanga a mhéadú i lár na cathrach mar spás comhroinnte.
18. Aontaíonn an Ard-Fheis gur chóir do Chonradh na Gaeilge gach brú a chur ar na páirtithe uile go léir ó thuaidh agus an dá rialtas chun an brú a choinneáil go dtí go gcuirfear i bhfeidhm straitéis don Ghaeilge agus molann muid an dlíthíocht straitéiseach agus go nglacfaidh an fheidhmeannas chun na cúirte le cinntiú go bhfuil na cosaintí atá ag cainteoirí Gaeilge ó thuaidh ó Chomhaontú Chill Rímhinn curtha i bhfeidhm ina n-iomláine.
19. Gur údar imní í an mhoill, agus an easpa dul chun cinn, atá déanta ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail maidir le forbairt straitéis náisiúnta d'oileáin na hÉireann, na hoileáin Ghaeltachta san áireamh. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Roinn sin gníomhú chun an straitéis sin a ullmhú agus a fheidhmiú gan mhoill.

20. Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo an dochar go bhféadfaí a dhéanamh don Pholasáí Oideachais Ghaeltachta má leantar ar aghaidh lena sonraíochta nua do scrúdú na hardteistiméireachta atá á moladh ag an CNCM. Chuige sin, iarrann an Ard-Fheis ar an CNCM deireadh a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin atá á reáchtáil acu faoi láthair agus tosú as an nua maidir le dearadh sonraíochtaí don scrúdú sin leis na moltaí déanta sa phlécháipéis curtha le chéile ag Áine Hyland agus Fíona Uí Uiginn go háirithe san áireamh in aon phróiseas nua.
21. Mar chuid den soláthar Gaelscolaíochta ó dheas, éilíonn an Ard-Fheis ar an Roinn Oideachais straitéis a chur le chéile, agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil, chun scoileanna reatha a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla gur mian leo iompú ina nGaelscoileanna a chur ar fáil.
22. Éilíonn an Ard-Fheis seo ar an Roinn Oideachais ó thuaidh idirghabháil shuntasach a dhéanamh maidir le stádas na Gaeilge sna meánscoileanna Béarla agus gníomhú láithreach bonn ar an ghéarchéim atá ag teacht chun cinn maidir leis an easpa daltaí atá ag clárú don Ghaeilge ag Teastas Ginearálta an Mheánoideachais (GCSE) agus A-Leibhéal.
23. Go gcuireann Conradh na Gaeilge feachtas ar siúl sna Sé Chontae chun feasacht a ardú ar cheist na Gaeilge in earnáil na scolaíochta Béarla.
24. Aontaíonn an Ard-Fheis go bhfuil an comhrá ag bailiú nirt ar stádas bunreachtúil na tíre agus na socruithe a d'fhéadfadh a bheith againn amach anseo. Díreofar níos mó air seo sa bhliain amach romhainn agus tá ár ról féin le himirt againn agus ár n-éilimh ar chearta teanga a mhéadú in aon chomhráite maidir le 'hÉire Nua'. Molann an Ard-Fheis an tsraith seimineár atá eagraithe ag Conradh na Gaeilge maidir le 'An Ghaeilge agus #ÉireNua' agus go leanann siad ar aghaidh sa bhliain amach romhainn.
25. Molann an Ard-Fheis go n-atosóidh Conradh na Gaeilge an tsraith léachtaí tábhachtacha bliantúla ag baint úsáid freisin as na meáin chumarsáide nua-aimseartha go léir atá ar fáil chun iad a réamh-phoiblíú agus ansin iad a chraoladh ar fud an domhain.
26. Go gcuirfidh an Coiste Gnó nua scéim tacaíochta agus timireachta le chéile mar spreagadh do Chraobhacha na heagraíochta atá buailte mar thoradh ar ghéarchéim Covid-19.
27. Aontaíonn an Ard-Fheis gur chóir don eagraíocht ciste tacaíochta a bhunú do Chraobhacha le cabhrú leo gníomhú agus teacht chucu féin i ndiaidh na paindéime.
28. Go gcuirfidh Conradh na Gaeilge scéim scoláireachta ar bhonn 32 contae ar bun agus go dtabharfar scoláireachtaí do pháistí faoi mhíbhuntáiste freastail ar chúrsaí Gaeltachta mar chuid den scéim.

29. Go ngabhann an Ard-Fheis seo comhghairdeas le gach grúpa a bhain maoiniú amach faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge. Aithníonn an Ard-Fheis, áfach, nach leor an maoiniú atá curtha ar fáil do gach grúpa agus go n-iarrfar ar Fhoras na Gaeilge cur leis an leibhéal maoinithe seo de réir mar a mhéadaítear buiséid an Fhorais féin.
30. Go n-aithníonn an Ard-Fheis go bhfuil nach mór €30 milliún sa bhreis bainte amach don Ghaeilge agus don Ghaeltacht le dhá bhliain anuas de thoradh dianstocaireachta ar an bPlean Infheistíochta Gaeilge a chomhordaigh an eagraíocht ó 2016 agus iarrann an Ard-Fheis seo ar an gCoiste Gnó nua próiseas athbhreithnithe agus comhairliúchán a thosú maidir le maoiniú na Gaeilge agus na Gaeltachta amach anseo.
31. Aithníonn an Ard-Fheis an obair thábhachtach chun comhghuaillíochtaí a thógáil le teangacha mionlaigh eile, go háirithe ar fud na hEorpa. Molaimid ballraíocht agus comhoibriú leanúnach le ELEN, an obair le tionscadail Erasmus+ agus comhlachtaí maoirseachta idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus COMEX.
32. Éilíonn an Ard-Fheis seo ar gach údarás áitiúil Oifigeach Gaeilge lánaimseartha a cheapadh agus Coiste Gaeilge a bhunú mura bhfuil siad ann cheana féin.
33. Go gcuirfidh Conradh na Gaeilge feachtas uile-Éireann ar bun ag éileamh go mbeidh Oifig Fhorbairt na Gaeilge i ngach limistéir údarás áitiúil agus go mbeidh, ar a laghad, ball foirne amháin (Oifigeach Gaeilge) ag gach údarás agus níos mó na sin sna contaetha móra. Ar aon dul leis na hOifigigh Ealaíne agus na hOifigigh Oidhreacht a atá ann cheana féin. Go lorgófar páirtmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus go ndéanfar teagmháil le bainistíocht na n-údarás go léir mar chuid den fheachtas seo.

Cuid de na dualgais a mbeadh na hoifigí seo freagrach as ná:

1. Cur chun cinn na Gaeilge i limistéar an údaráis;
2. Dualgais an údaráis maidir leis an Acht Teanga agus reachtaíocht eile a chomhlíonadh;
3. Seirbhís an údaráis a chur ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge;
4. Deiseanna foghlama agus labhairt na Gaeilge a eagrú don phobal;
5. Réimse leathan dualgas maidir leis an nGaeilge.

Bheadh na hoifigí seo ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

34. Molann an Ard-Fheis go mbainfeadh Conradh na Gaeilge tairbhe as an bhfeachtas méadaitheach 'Ceannaigh Gael-earraí agus ceannaigh go háitiúil' trína phoibliú go háitiúil le béim láidir leanúnach ag spreagadh úsáid na Gaeilge ar an lipéadú.
35. Go ndéanfar an nasc idir An Coimisiún le Rincí Gaelacha agus Conradh na Gaeilge a athshamlú agus a threisiú, le go mbeidh an teanga agus an rince fite fuaite lena chéile, agus córas leanúnach i bhfeidhm chun beart a dhéanamh de réir ár mbriathar agus a fíis don todhchaí a chruthú agus a chothú.
36. Molann an Ard-Fheis go n-eagródh Conradh na Gaeilge cúrsaí oiliúna – go fíorúil agus ar líne de réir mar is cuí agus go praiticiúil - do na haonaid chláráithe uile go léir den eagrais ar na bealaí is fearr chun a sraonta meán cumarsáide éagsúla uile go léir na linne seo a úsáid d'fhonn tuiscint agus tacaíocht ghníomhach an phobail do bheartais Chonradh na Gaeilge a mhéadú.
37. Éilíonn an Ard-Fheis seo go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na mbanc atá ag freastal ar phobal na tíre seo.
38. Molann an Ard-Fheis na forbairtí móra agus an obair cheannródaíoch san obair óige trí mheán na Gaeilge ar fud na sé chontae le Glór na Móna agus Fóram na nÓg. Níl aon amhras ach go raibh sé seo ar cheann de na héachtaí móra a baineadh amach le deich mbliana anuas agus tá buntáistí níos hamháin le daoine óga agus d'athbheochan na Gaeilge i gcoitinne.
39. Go n-aithníonn Ard-Fheis 2022 an obair luachmhar atá ar bun go leanúnach ag an eagraíocht le pobail nua in Éirinn a chur ar an eolas faoin nGaeilge agus go leanfar leis an obair sin le naisc a chruthú le pobail nua-Éireannacha.
40. Molann an Ard-Fheis go n-iarrfaí ar an Roinn Oideachais cúrsaí a ghníomhachtú, i gcomhar le gach institiúid ábhartha, a chabhróidh le múinteoirí bunscoile agus meánscoile gur mian leo a gcaighdeán Gaeilge a fheabhsú, go háirithe agus iad ag teagasc trí Ghaeilge.
41. Molann an Ard-Fheis go mbeadh pacáistiú dátheangach Gaeilge agus Béarla, ar a laghad, ar gach earra a dhíoltar in Éirinn cosúil leis an riachtanas dlíthiúil chuige sin atá i dtíortha eile, ina measc Ceanada (Fraincis agus Béarla), an Bheilg (Fraincis agus Ollainnis), an Fhionlainn (Fionlainnis agus Sualainnis).
42. Go n-aithníonn Ard-Fheis 2022 an obair stocaireachta leanúnach atá ar bun ar Bhille an Údaráis um Ard-Oideachas agus leanfar leis lena chinntiú go mbeadh dualgas reachtúil ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de dár n-institiúidí Ard-Oideachais amach anseo.
43. Molann an Ard-Fheis seo go mbeidh feachtas SEAS ann ar leibhéal na n-údarás áitiúil.

4. Uachtarán Nua-Thofa Chonradh na Gaeilge

Tréaslaíonn an Comhchoiste le Paula Melvin Uasal as a bheith tofa mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge ag a nArd Fheis spreagúil san Gaillimh thar Deireadh seachtaine 25-26 Feabhra 2022, agus guímid gach rath ar an obair atá roimpi agus ar an eagrais atá faoina stiúir don bhliain romhainn.

5. Uachtarán de Chuid Chonradh na Gaeilge

Tréaslaíonn an Comhchoiste le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn Uasal, as Gradam an Uachtaráin de chuid Chonradh na Gaeilge a bronnadh air ag an Ard-Fheis, mar aitheantas ar an tacaíocht mhór atá tugtha aige thar na blianta.

6. Buíochas do Chonradh na Gaeilge

Tá an Comhchoiste an-bhuíoch as an gcuireadh ó Chonradh na Gaeilge páirt a ghlacadh ina Ard-Fheis 2022. Bhí an díospóireacht ann an-shuimiúil agus molann an Comhchoiste na toscairí go léir, ó gach cearn den tír, as na moltaí a leag siad faoi bhráid na hArd-Fheise.

7. Comhaontú agus Leagan na Tuarascála

Chomhaontaigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge an tuarascáil seo ag a chruinniú ar an 13 Aibreán 2022 agus leagadh os comhair Dháil Éireann agus Seanad Éireann í ar an 14 Aibreán 2022.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh TD

Cathaoirleach

13 Aibreán 2022

Aguisín 1: Comhaltaí an Choiste

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha	(Fine Gael)
An Teachta Dála Dara Mac Giolla Laoire – Leas-Chathaoirleach	(Fianna Fáil)
An Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile	(Neamhspleách)
An Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh	(An tAontas Glas)
An Teachta Dála Pa Ó Dálaigh	(Sinn Féin)
An Teachta Dála Fergus Ó Dubhda	(Fine Gael)
An Teachta Dála Dónal Ó hÉallaigh	(Neamhspleách)
An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin	(Fianna Fáil)
An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh – Cathaoirleach	(Sinn Féin)
An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee	(Fianna Fáil)
An Seanadóir Seán Kyne	(Fine Gael)
An Seanadóir Rónán Mullen	(Neamhspleách)
An Seanadóir Niall Ó Donghaile	(Sinn Féin)
An Seanadóir Barry Ward	(Fine Gael)
An Teachta Dála Éamon Ó Cuív (Comhalta gan Vóta)	(Fianna Fáil)

Tithe an Oireachtais

Teach Laighean

Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

Do2 XR20

www.oireachtas.ie

Guthán: +353 (0)1 6183000 nó 076 1001700

Twitter: @OireachtasNews

Déan ceangal linn



Íoslódáil an Aip

